**AN CHOMHAIRLE EORPACH**

**An Bhruiséil, 29 Meitheamh 2012**
**(OR. en)**

**EUCO 76/12**

**CO EUR 4**
**CONCL 2**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaiocht na Comhairle |
| chuig: | Na Toscaireachtaí |
| Ábhar: | **AN CHOMHAIRLE EORPACH**<br>**An 28 agus an 29 Meitheamh 2012**<br>**CONCLÚIDÍ** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo Conclúidí ón gComhairle Eorpach (an 28 agus an 29 Meitheamh 2012).

*Le dhá bhliain go leith anuas, tá céimeanna tábhachtacha, cuimsitheacha tugtha ag an Aontas Eorpach chun réiteach a fháil ar an ngéarchéim agus chun rialachas an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA) a fheabhsú. Tá an Eoraip faoi bhrú mór arís áfach. De dheasca na géarchéime a bhaineann leis an bhfiachas ceannasach agus le laige na hearnála airgeadais, mar aon le fás síoríseal agus le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, tá moill á cur ar an téarnamh eacnamaíoch agus tá rioscaí á gcruthú do chobhsaíocht an AEA. Tá dochar á dhéanamh dá dheasca sin ó thaobh na dífhostaíochta de agus d'fhéadfadh sé moill a chur ar chumas na hEorpa tairbhe a bhaint as aon fheabhas céimseach a thiocfadh ar an ionchas eacnamaíoch domhanda.*

*Táimid tiomanta mar sin do bheart daingean a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar theannas sa mhargadh airgeadais, chun muinín a athbhunú agus chun an fás a athbheochan. Gabhaimid orainn arís an AEA a chaomhnú agus bonn níos téagartha a chur faoi don todhchaí. Is é an fás an chloch is mó ar ár bpaidrín; fás a bheadh láidir, cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, a bheidh bunaithe ar airgeadas poiblí fónta agus ar athchóirithe struchtúracha agus ar infheistíocht, agus lenar féidir dlús a chur leis an iomaíochas.*

*Sin an fáth gur chinn na Ceannairí Stáit nó Rialtais inniu "Comhshocrú le haghaidh Fáis agus Post", ina leagtar amach na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh na Ballstáit agus an tAontas Eorpach chun an fás, an infheistíocht agus an fhostaíocht a athsheoladh agus chun cur le hiomaíochas na hEorpa. Rinneamar na moltaí a bhaineann go sonrach le tíortha faoi leith a fhormhuiniú freisin chun beartais agus buiséid na mBallstát a threorú. Ar deireadh, leagamar béim ar an ról ba cheart don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil atá le teacht a imirt maidir le fás agus fostaíocht a neartú. Thíolaic Uachtarán na Comhairle Eorpaí an tuarascáil "I dtreo Fíor-Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta".*

*Tá socruithe go daingean againn na bearta riachtanacha a dhéanamh le cinntiú go mbeidh Eoraip againn a bheidh cobhsaí, iomaíoch agus rathúil, agus go gcuirfear, dá réir sin, le leas na saoránach.*

## I. <u>AN FÁS, AN INFHEISTÍOCHT AGUS POIST</u>

1. Leanfaidh an tAontas Eorpach de gach ní atá riachtanach a dhéanamh chun an Eoraip a chur ar ais ar bhealach an fháis, fás a bheidh cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach. Ag meabhrú dóibh a thábhachtaí atá an comhdhlúthú fioscach, an t-athchóiriú struchtúrach agus an infheistíocht spriocdhírithe chun fás inbhuanaithe a bhaint amach, tháinig na Ceannairí Stáit nó Rialtais ar chinneadh maidir leis an "Comhshocrú le haghaidh Fáis agus Post", ina leagtar amach creat soiléir don ghníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an AE agus ar leibhéal an limistéir euro agus lena mbainfear leas as gach luamhán, gach ionstraim agus gach beartas dá bhfuil ar fáil (féach an Iarscríbhinn).
   D'iarr siad ar an gComhairle an bealach ina bhféadfaí feabhas a chur ar an gcomhar idir na hinstitiúidí a scrúdú go mear chun a áirithiú go ndéanfar forálacha an Chomhshocraithe sin a bhfuil reachtaíocht de chuid an AE riachtanach ina leith a chur chun feidhme go tráthúil.

2. D'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach i gcoitinne na moltaí a bhaineann go sonrach le tíortha faoi leith, moltaí a bheidh á gcur i gcrích go luath ag na Ballstáit ina gcuid cinntí náisiúnta i ndáil le buiséid, le hathchóirithe struchtúracha agus le beartais fostaíochta, agus lena gcuirfear clabhsúr ar Sheimeastar Eorpach 2012.

3. Tháinig Ceannairí Stáit nó Rialtais na mBallstát rannpháirtíochta ar chomhaontú maidir le réiteach na saincheisteanna a bhí fós gan réiteach maidir leis an bpacáiste paitinne, amhail suíomh Rannán Lárnach na Cúirte Céadchéime de Chúirt Aontaithe na bPaitinní (UPC). Is i bPáras a bheidh an suíomh sin lonnaithe, in éineacht le hoifig Uachtarán na Cúirte Céadchéime. Ba cheart gurab as an mBallstát ina bhfuil an rannán lárnach a thiocfaidh céad Uachtarán na Cúirte Céadchéime.

   Toisc cineál ardspeisialaithe na dlíthíochta paitinne agus an gá atá le hardchaighdeáin a choimeád ar bun, cruthófar cnuasaigh théamacha in dhá rannóg den Rannán Lárnach, ceann amháin i Londain (don cheimic, lena n-airítear cógaisíocht, rangúchán C, riachtanais dhaonna, rangúchán A), ceann eile in München (don innealtóireacht meicníochta, rangúchán F).

   Maidir le caingne a thabharfar os comhair na rannán lárnach, comhaontaíodh go mbeidh rogha ag na páirtithe caingean sáraithe a thabhairt os comhair an rannáin lárnaigh má tá sainchónaí ar an gcosantóir lasmuigh den Aontas Eorpach. Thairis sin, má tá caingean cúlghairme ar feitheamh cheana os comhair an rannáin lárnaigh, ba cheart go mbeadh an deis ag sealbhóir na paitinne caingean sáraithe a thabhairt go dtí an rannán lárnach. Ní bheidh aon deis ag an gcosantóir a iarraidh go n-aistreofaí cás sáraithe ó rannán áitiúil go dtí an rannán lárnach má tá sainchónaí ar an gcosantóir laistigh den Aontas Eorpach.

   Molaimid go scriosfaí Airteagail 6 go 8 den Rialachán lena gcuirtear chun feidhme an comhar feabhsaithe i réimse chruthú na cosanta don phaitinn aonadach, ar Rialachán é a bheidh le glacadh ag an gComhairle agus ag Parlaimint na hEorpa.

## II. TUARASCÁIL AR AN AEA

4. Sa tuarascáil a thíolaic Uachtarán na Comhairle Eorpaí, ag feidhmiú dó i gcomhar le hUachtaráin an Choimisiúin, Ghrúpa an Euro agus BCE, dar teideal "I dTreo Fíor-Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta", leagtar amach "ceithre bhloc tógála bhunriachtanacha"don AEA a bheidh ann amach anseo: creat comhtháite airgeadais, creat comhtháite buiséadach, creat comhtháite beartais eacnamaíoch, agus dlisteanacht agus cuntasacht dhaonlathach a bheidh níos láidre.

Tar éis malartaithe oscailte tuairimí a bheith ann, ar nochtaíodh tuairimí éagsúla lena linn, iarradh ar Uachtarán na Comhairle Eorpaí clár ama sonrach faoi teorainn ama a dhéanamh, i ndlúthchomhar le hUachtarán an Choimisiúin, le hUachtarán Ghrúpa an Euro agus le hUachtarán an BCE i ndáil le fíor-Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a bhaint amach, lena n-áireofar moltaí nithiúla maidir le haontacht agus sláine an Mhargaidh Aonair a chaomhnú sna seirbhísí airgeadais agus lena gcuirfear san áireamh an ráiteas faoi Limistéar an Euro agus, inter alia, go bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún tograí a thabhairt ar aghaidh faoi Airteagal 127.
Scrúdóidh siad an méid a fhéadfaí a dhéanamh faoi chuimsiú na gConarthaí reatha agus na bearta lena n-éileofar athrú sa Chonradh. Chun go n-áiritheofar a n-úinéireacht, beidh dlúthbhaint ag na Ballstáit maidir leis an machnamh agus rachfar i gcomhairle leo go rialta. Rachfar i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa freisin. Déanfar tuarascáil eatramhach a thíolacadh ina leith sin i mí Dheireadh Fómhair 2012 agus tuarascáil deiridh roimh dheireadh na bliana.

## III. AN CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL

5. Rinne an Chomhairle Eorpach plé domhain le hUachtarán Pharlaimint na hEorpa faoina bhfuil i ndán don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil amach anseo.

6. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dul chun cinn a rinneadh faoi uachtaránacht na Danmhairge, obair a bheidh a thugann bonn agus treoirlínte do chéim dheiridh na caibidlíochta le linn uachtaránacht na Cipire, atá díreach ar tí tosú anois. Déanfar an Bosca Caibidlíochta a fhorbairt tuilleadh d'fhonn comhaontú a bhaint amach faoi dheireadh 2012, agus urramófar an prionsabal nach n-aontaítear aon rud go dtí go mbíonn gach rud déanta. Ba cheart dlús a chur leis an obair i ndáil leis na téacsanna reachtacha ábhartha freisin, le go mbeifear in ann iad a ghlacadh gan mhoill, de réir na nósanna imeachta atá cumhdaithe sa Chonradh. Iarrtar ar na hinstitiúidí inniúla uile comhoibriú go dlúth sa phróiseas seo, i gcomhréir leis na hinniúlachtaí a mbronntar orthu leis na Conarthaí.

## IV. <u>CEISTEANNA EILE</u>

(a) Ba mhór leis an gComhairle Eorpach an ráiteas ó Chruinniú Mullaigh an Euro an 29 Meitheamh 2012 agus úsáid na n-ionstraimí EFSF/ESM a chuirfear chun feidhme i gcomhréir leis na treoirlínte atá ann cheana ina ndéantar na nósanna imeachta ábhartha a mhionsonrú.

(b) Méadú: d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an cinneadh a rinne an Chomhairle tús a chur le caibidlíocht aontachais le Montainéagró an 29 Meitheamh 2012.

(c) <u>Ceartas agus Gnóthaí Baile</u>: ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dul chun cinn a rinneadh i dtaca le Rialachán Bhaile Átha Cliath, leis an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha, leis an Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn agus i ndáil le hathlonnaíocht. Chuir sí in iúl an athuair go bhfuil sí tiomanta don Chomhchóras Eorpach Tearmainn a thabhairt chun críche faoi dheireadh na bliana 2012. Leag sí béim chomh maith ar an tábhacht a bhaineann le saorghluaiseacht i limistéar Schengen agus thug sí dá haire an obair atá déanta maidir leis na tograí a bhaineann lena rialachas agus leis an Rialachán maidir le Víosaí. Leag sí béim ar a thábhachtaí atá sé an dlúthpháirtíocht agus an comhar ó thaobh bhainistiú na dteorainneacha seachtracha, ó thaobh an tearmainn agus ó thaobh an chomhraic i gcoinne na himirce neamhdhlíthiúla. Chuir sí béim freisin ar a thábhachtaí atá comhar le tíortha sa chomharsanacht a fheabhsú. Tiocfaidh sí ar ais chuig na hábhair de réir mar is gá.

(d) Fuinneamh núicléach: iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear moltaí thuarascáil ENSREG chun feidhme go hiomlán agus go tráthúil tar éis do thástálacha struis na sábháilteachta núicléiche a bheith críochnaithe. Chomhaontaigh an Coimisiún agus an ENSREG go bhfuil gá le tuilleadh oibre a dhéanamh. Thuga an Chomhairle dá haire go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún teachtaireacht chuimsitheach a thíolacadh i ndáil leis sin níos déanaí i mbliana. D'iarr sí go ndéanfaí na moltaí ón nGrúpa Ad Hoc um Shlándáil Núicléach a chur chun feidhme go mear. D'iarr sí go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí feabhas a chur ar chomhar an AE lena chuid comharsan i ndáil leis an tsábháilteacht agus an tslándáil núicléach.

(e) an tSiria: maidir leis an gComhairle Eorpach, déanann sí mar a leanas:

- cáineann sí an foréigean brúidiúil agus an sléacht atá déanta ar shibhialtaigh agus tathantaíonn sí ar réimeas na Siria stop a chur lena chuid ionsaithe ar an daonra sibhialtach;
- d'iarr sí go ndéanfar fiosrúchán idirnáisiúnta, trédhearcach, neamhspléach agus gasta ar na sáruithe a rinneadh ar an dlí idirnáisiúnta agus ar chearta an duine, lena áirithiú go dtiocfar orthu siúd atá freagrach astu sin;
- d'iarr sí ar gach taobh stop a chur leis an bhforéigean; d'athdhearbhaigh sí gur ar réimeas na Siria is mó atá an fhreagracht as sos cogaidh a bhunú, as plean sé-phointe Kofi Annan, an tIonadaí Speisialta, a chur chun feidhme, as rochtain iomlán gan bhacainn a thabhairt do lucht na cabhrach daonnúla agus as sábháilteacht bhreathnóirí na Náisiún Aontaithe a áirithiú;
- spreag sí grúpaí freasúra na Siria teacht ar chomhaontú maidir le tacar prionsabal coiteann lena bhféadfaí oibriú chun aistriú cuimsitheach, ordúil, síochánta a chur i gcrích sa tSiria nach mbeidh Assad agus a réimeas brúdúil ann;
- d'athdhearbhaigh sí go dtacaíonn sí go hiomlán le plean Kofi Annan agus fáiltíonn sí roimh a chuid oibre siúd leis na príomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta chun an próiseas polaitiúil a chur ar aghaidh;
- d'iarr sí go ndéanfaidh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) gníomhaíocht aontaithe chun brú níos láidre agus níos éifeachtaí a imirt, lena n-áirítear smachtbhannaí cuimsitheacha a ghlacadh faoi Chaibidil VII; agus, sa chomhthéacs sin, fáiltíonn sí roimh na bearta breise sriantacha a ghlac Comhairle an AE agus d'aontaigh sí bearta breise a chur san áireamh.

(f) An Iaráin: Chuir an Chomhairle Eorpach i bhfáth gur mórábhar imní di cinéal chlár núicléach na hIaráine agus an géarghá go gcomhlíonfaidh an Iaráin a cuid oibleagáidí idirnáisiúnta uile, lena n-áirítear rúin Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus Bhord Rialtóirí an IAEA a chur chun feidhme go hiomlán. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach go hiomlán leis an Ardionadaí agus leis an E3+3 ina gcuid iarrachtaí i dtaca leis sin. I bhfianaise na gcainteanna a reáchtáladh le déanaí idir an E3+3 agus an Iaráin in Iostanbúl, i mBagdad agus i Moscó, áitíonn an Chomhairle ar an Iaráin cinneadh a dhéanamh an bhfuil sí toilteanach a bheith tiomanta do phróiseas caibidlíochta a bheidh dírithe ar mhuinín a athshlánú i gcineál eisiach síochánta chlár núicléach na hIaráine. Caithfidh an Iaráin páirt chruthaitheach a ghlacadh trí dhíriú ar theacht ar chomhaontú maidir le céimeanna nithiúla tógála agus maidir le haghaidh a thabhairt ar údar imní an chomhphobail idirnaisiúnta. Is mór leis an gComhairle Eorpach teacht i bhfeidhm iomláin thoirmeasc an AE ar ola ón Iaráin an 1 Iúil 2012.

(g) Cearta an duine agus an daonlathas: Ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur ghlac an Chomhairle Creat Straitéiseach an AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas mar aon leis an bPlean Gníomhaíochta a bhaineann leis agus leag sí béim ar a thábhachtaí atá sé tús áite a thabhairt do chearta an duine agus don daonlathas i mbeartas eachtrach an AE.

(h) Cúnamh Oifigiúil Forbartha (ODA): Ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dara tuarascáil bhliantúil maidir le Cúnamh Oifigiúil Forbartha an Aontais Eorpaigh agus d'athdhearbhaigh sí a tiomantas do na spriocanna i ndáil le spriocanna cúnamh forbartha a bhaint amach faoi 2015 mar a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle Eorpach i Meitheamh na bliana 2005.

**IARSCRÍBHINN**

## "COMHSHOCRÚ LE hAGHAIDH FÁIS AGUS POST"

Rinne na Ceannairí Stáit nó Rialtais

Agus é de rún daingean acu an fás a spreagadh, fás a bheidh cliste, inbhuanaithe, cuimsitheach, éifeachtúil ó thaobh acmhainní de agus lena gcruthófaí poist, i gcomhthéacs na straitéise Eoraip 2020,

Agus tuiscint acu gur gá leas a bhaint as gach luamhán, gach ionstraim agus gach beartas dá bhfuil ann ar gach leibhéal rialachais san Aontas Eorpach, chun na críche sin,

Ag meabhrú dóibh a thábhachtaí atá sé go mbeadh airgeadas poiblí fónta ann, go ndéanfaí athchóiriú struchtúrach agus infheistíocht spriocdhírithe má táthar chun fás inbhuanaithe a bhaint amach,

Cinneadh faoin gComhshocrú seo a leanas:

### *GNÍOMHAÍOCHT A DHÉANFAR AR LEIBHÉAL NA mBALLSTÁT*

1) Tá na Ballstáit ar fad lándiongbháilte na gníomhaíochtaí is gá a dhéanamh láithreach ar an leibhéal náisiúnta d'fhonn cuspóirí na straitéise Eoraip 2020 a bhaint amach. Maidir le huirlisí nua an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an rialachas eacnamaíoch, ní mór iad a chur i bhfeidhm go hiomlán agus go héifeachtach agus ní mór tuilleadh leasa a bhaint as "piarbhrú". Na tograí atá le teacht lena ndíreofar ar an gcreat sin a chomhlánú, (an creat "déghnéitheach"), ní mór iad a ghlacadh go luath.

2) Agus na moltaí a bhaineann go sonrach le tíortha ar leith á gcur chun feidhme, cuirfidh na Ballstáit béim ar leith ar na gnéithe seo a leanas:

(a) comhdhlúthú fioscach difreáilte lena gcothófaí an fás a shaothrú, an Comhaontú Cobhsaíochta agus Fáis á urramú agus dalaí a bhaineann le tíortha ar leith á gcur san áireamh; ní mór aire ar leith a thabhairt d'infheistíocht i réimsí ina ndírítear ar an todhchaí agus a bhfuil baint dhíreach acu le hacmhainn fáis an gheilleagair, agus a thabhairt freisin d'inbhuanaitheacht chórais na bpinsean a chinntiú. Tá faireachán á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an tionchar atá ag srianta dochta buiséid ar chaiteachas poiblí lena gcuirtear leis an bhfás agus ar infheistíocht phoiblí. Tíolacfaidh sé tuarascáil maidir le caighdeán an chaiteachais phoiblí agus i ndáil leis na gníomhaíochtaí a bhféadfaí tabhairt fúthu faoi chuimsiú theorainneacha chreataí fioscacha an AE agus na gcreataí fioscacha náisiúnta.

(b) gnáthiasachtú a chur i bhfeidhm sa gheilleagar arís agus athstruchtúrú earnáil na baincéireachta a chur i gcrích mar ábhar práinne;

(c) an fás agus an t-iomaíochas a chur chun cinn, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar neamhchothromaíochtaí seanbhunaithe agus trí dhul ar aghaidh tuilleadh leis an athchóiriú struchtúrach chun borradh a chur faoi acmhainn fáis na dtíortha, agus lena n-áirítear trí iomaíochas sna tionscail líonra a oscailt suas, tríd an ngeilleagar digiteach a chur chun cinn agus trí leas a bhaint as an acmhainneacht a bhaineann leis an ngeilleagar glas agus trí shrianta gan údar ar sholáthróirí seirbhísí a bhaint agus é a éascú gnó a bhunú;

(d) dul i ngleic leis an dífhostaíocht agus aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí sóisialta na géarchéime ar bhealach éifeachtach; athchóiriú a dhéanamh ar mhaithe le feabhas a chur ar rátaí fostaíochta; dlús a chur le bearta chun fostaíocht a chothú go sonrach i measc na n-óg, agus go háirithe chun feabhas a chur ar an gcéad deis acu ar thaithí oibre a fháil agus ar a rannpháirtíocht i margadh an tsaothair, agus é mar chuspóir ag an méid sin gur taobh istigh de chúpla mí i ndiaidh dóibh an scoil a fhágáil a gheobhaidh daoine óga tairiscint fostaíochta d'ardchaighdeán, oideachas leantach, printíseacht nó cúrsa oiliúna a fhéadfar a chothú le Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE); agus beartais éifeachtacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun an bhochtaineacht a chomhrac agus chun tacú le grúpaí leochaileacha. Cuirfidh na Ballstáit a gcuid Pleananna Náisiúnta Post chun feidhme gan mhoill agus forbróidh siad pleananna níos uaillmhianaí agus níos cruinne ná na cinn sin don cheád Seimeastar Eorpach eile. Ba cheart go mbainfidh na Ballstáit leas as na féidearthachtaí a bhaineann le fóirdheontais shealadacha earcaíochta a mhaoiniú ó Chiste Sóisialta na hEorpa;

(e) agus nuachóiriú á dhéanamh ar an riarachán poiblí, go háirithe trí dhul i ngleic le moilleanna sa chóras breithiúnach, trí ualaí riaracháin a laghdú agus ríomhsheirbhísí rialtais a fhorbairt. Ba cheart dea-chleachtas maidir leis seo a roinnt.

## *RÓL NA mBEARTAS EORPACH CHUN CUR LEIS AN bhFÁS AGUS LEIS AN bhFOSTAÍOCHT*

3) Tá tuilleadh beartas práinneach ag teastáil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun cur leis an bhfás agus le líon na bpost san Eoraip, chun feabhas a chur ar mhaoiniú an gheilleagair sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, agus chun áit níos iomaíche don táirgeadh agus don infheistíocht a dhéanamh den Eoraip.

(a) Príomhghné den obair chun an fás a chur chun cinn is ea doimhniú an Mhargaidh Aonair, go háirithe sna tionscail dhigiteacha agus líonra. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún bearta breise cothaithe fáis a thíolacadh chun na críche sin san fhómhar i 2012 mar chuid den dara Gníomh um an Margadh Aonair. Tá dul chun cinn suntasach déanta cheana féin i dtaca leis na bearta ón gcéad Ghníomh um an Margadh Aonair, lena n-áirítear glacadh an togra maidir le caighdeánú agus an comhaontú ar thángthas air sa Chomhairle i ndáil leis na tograí maidir le cuntasaíocht, leis an gcaipiteal fiontair agus leis na cistí fiontraíochta sóisialta agus le réiteach malartach díospóide agus réiteach díospóide ar líne. Ba cheart teacht ar chomhaontú a luaithe is féidir i ndáil leis na tograí maidir leis an soláthar poiblí, leis an síniú leictreonach agus le haithint na gcáilíochtaí gairmiúla. Is díol sásaimh é an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le feabhas a chur ar rialachas an Mhargaidh Aonair. Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún go ndéanfar rialacha an Mhargaidh Aonair a chur chun feidhme agus a fhorghníomhú ar bhealach níos fearr agus déanfaidh an Coimisiún faireachán ar a bhfeidhmíocht, lena n-áirítear trí thuarascáil bhliantúil a thíolacadh faoi chreat an tSeimeastair Eorpaigh. Is díol sásaimh é an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Treoir um Sheirbhísí agus ba cheart í a chur chun feidhme láithreach bonn, lena n-áirítear trí athbhreithniú géar piara a dhéanamh ar shrianta náisiúnta agus gníomhaíocht mhear a dhéanamh chun bacainní nach bhfuil údar cuí leo a bhaint. D'fhéadfaí gnóthachain eacnamaíocha EUR 330 billiún sa bhreis a bhaint amach faoi chuimsiú raon feidhme na Treorach sin. Déanfaidh an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an dul chun cinn faoi dheireadh 2012.

(b) Tá dul chun cinn gasta ag teastáil chun Margadh Aonair Digiteach a fheidhmeoidh mar is cóir a bhaint amach faoi 2015, rud a chuirfidh dlús nua leis an ngeilleagar Eorpach. Ba cheart tús áite a thabhairt, go háirithe, do bhearta chun an trádáil trasteorann a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear an t-aistriú chuig an sonrascú leictreonach, an tsainaithint leictreonach agus ríomhsheirbhísí eile. Tá sé fíorthábhachtach freisin go gcuirfí leis an éileamh ar an idirlíon ardluais, go ndéanfaí réimeas cóipchirt na hEorpa a nuachóiriú agus gur fusa a bheidh an ceadúnú, agus ardleibhéal cosanta ar chearta maoine intleachtúla á áirithiú agus éagsúlacht chultúrtha á cur san áireamh.

(c) Tá tuilleadh iarrachtaí ag teastáil chun an t-ualach rialála iomlán a laghdú ar leibhéal an AE agus ar an leibhéal náisiúnta. Tíolacfaidh an Coimisiún teachtaireacht faoi dheireadh 2012 i ndáil le céimeanna breise sa "rialáil chliste", lena mbeidh bearta san áireamh chun tacú le micrifhiontair.

(d) Cuirfear go mór le hiomaíochas, le fás agus le fostaíocht san AE, nuair a dhéanfar an margadh inmheánach fuinnimh a chur i gcrích go hiomlán faoi 2014 i gcomhréir leis na spriocanna a comhaontaíodh agus má áirithítear nach mbeidh Ballstát ar bith scoite amach ó na líonraí Eorpacha gáis agus leictreachais tar éis 2015. Tar éis ghlacadh foirmiúil na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, caithfidh na Ballstáit í a chur chun feidhme go pras, agus leas iomlán a bhaint as a cuid forálacha chun teacht i dtír ar an acmhainn shuntasach chruthaithe post atá ann san earnáil sin. Ba cheart go dtiocfaí go mear ar chomhaontú i ndáil leis an togra maidir le bonneagar tras-Eorpach fuinnimh.

(e) Caithfear leanúint de na hiarrachtaí chun an obair taighde a thiontú go pras ina nuálaíochtaí a shásóidh éilimh ón margadh, rud a chuirfeadh le hiomaíochas na hEorpa agus a chabhródh le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin na sochaí. Caithfear an Limistéar Eorpach Taighde a neartú, go háirithe trí fheabhas a chur ar na deiseanna infheistíochta do ghnólachtaí nuathionscanta agus do FBManna. Beidh an clár le haghaidh iomaíochais fiontar agus FBManna (COSME) agus an clár Fís 2020 a bheidh ann amach anseo ina gcabhair ag FBManna agus iad ag iarraidh teacht ar mhaoiniú. Is den fhíorthábhacht é go ndéanfaí príomhtheicneolaíochtaí cumasaithe a neartú, teicneolaíochtaí a bhfuil tábhacht shistéamach ag roinnt leo ó thaobh nuáil na dtionscal agus an gheilleagair ina iomláine, lena n-áirítear i réimsí amhail an nanaitheicneolaíocht, an bhiteicneolaíocht agus ardábhair.

(f) Maidir le roinnt tíortha, cuirtear deis ar fáil leis an mbeartas comhtháthaithe athchóirithe chun infheistiú a dhéanamh chun éalú ón ngéarchéim toisc gur uirlis mhór i gcomhair infheistíochta, fáis agus cruthú post ar leibhéal an AE é. Cuimsítear leis sciar mór de na hinfheistíochtaí poiblí san AE agus cuirtear leis le doimhniú an mhargaidh inmheánaigh.

(g) Mar thoradh ar an gcomhaontú ar thángthas air inniu maidir leis an bPaitinn Aonadach laghdófar go mór ar na costais i gcás Fiontar Beag agus Meánmhéide agus cuirfear dlús, trí phaitinn inacmhainne, le nuálaíocht ar ardcháilíocht a chur ar fáil san Eoraip, lena mbainfidh saindlínse aonair.

(h) Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí dlús le maoiniú an gheilleagair. Beidh teacht ar EUR 120 billiún (arb ionann sin agus thart ar 1% d'ollioncam náisiúnta an AE OIN) do bhearta mearéifeachta fáis:

– Ba cheart caipiteal íoctha isteach an BEI a mhéadú le EUR 10 mbilliún, agus é de chuspóir a bhonn caipitil a neartú agus a chumas iomlán iasachtaithe a mhéadú le EUR 60 billiún, lena gcuirfí EUR 180 billiún d'infheistíocht bhreise ar fáil, ar fud an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear sna tíortha is leochailí. Ba cheart do Bhord an BEI an cinneadh sin a dhéanamh chun a áirithiú go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an 31 Nollaig 2012 ar a dhéanaí.

– Ba cheart an chéim phíolótach de tionscnamh na mBannaí do Thionscadail a sheoladh láithreach, lena dtabharfaí isteach infheistíochtaí breise suas go EUR 4.5 bhilliún le haghaidh tionscadal píolótach i mbonneagar lárnach iompair, fuinnimh agus leathanbhanda. Ar choinníoll go mbeidh an tuarascáil eatramhach agus an mheastóireacht ar an gcéim phíolótach dearfach, d'fhéadfaí méid na n-ionstraimí airgeadais sin a mhéadú tuilleadh amach anseo i ngach tír, lena n-áirítear méadú mar thacaíocht don Áis Chónasctha don Eoraip.

– I gcás inarb iomchuí, agus rialacha um shaoradh á n-urramú, beidh deis ag na Ballstáit, faoi na rialacha agus na cleachtais atá ann faoi láthair, oibriú leis an gCoimisiún agus cuid de leithdháileadh a gCistí Struchtúracha féin á húsáid acu chun páirt a ghlacadh i riosca iasachta an BEI agus chun ráthaíochtaí a chur ar fáil d'iasachtaí don eolas agus do scileanna, do thíosacht ar acmhainní, do bhonneagar straitéiseach agus do rochtain ar airgeadas le haghaidh FBManna. Tá cistí ó na Cistí Struchtúracha ath-leithroinnte chun tacú leis an taighde agus an nuáil, le FBManna agus le fostaíocht i measc an ógra agus tabharfar EUR 55 bhilliún breise do bhearta cothaithe fáis san am i láthair. Ba cheart an tacaíocht a thugtar do na FBManna a neartú tuilleadh, lena n-áirítear trína áirithiú go mbeidh rochtain níos éasca acu ar chistí an AE. D'fhéadfadh na Ballstáit freisin ath-leithdháiltí a mheas laistigh dá gcuid clúdach náisiúnta féin, faoi na rialacha atá ann faoi láthair agus i gcomhar leis an gCoimisiún.

– Ba cheart gníomhaíochtaí an Chiste Eorpaigh Infheistíochta a fhorbairt, go háirithe i ndáil lena chuid gníomhaíochtaí caipitil fiontair, i gcuibhreann le struchtúir náisiúnta atá ann cheana.

(i) Ní mór do bhuiséad an Aontais Eorpaigh feidhmiú mar chatalaíoch chun an fás a chothú ar fud na hEorpa, go háirithe trí infheistíochtaí táirgiúla agus sa chaipiteal daonna a ghiaráil. Laistigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil atá ar na bacáin, ba cheart leas a bhaint as caiteachas chun tacú leis an bhfás, leis an bhfostaíocht, leis an iomaíochas agus leis an gcóineasú, i gcomhréir leis an straitéis Eoraip 2020.

(j) Ba cheart go gcuideofar le beartas cánach le comhdhlúthú fioscach agus leis an bhfás inbhuanaithe. Ba cheart an obair agus an plé maidir le tograí an Choimisiúin i ndáil le cáin ar fuinneamh, ar an mbonn cánach comhdhlúite coiteann agus ar athbhreithniú na Treorach um Cháin ar Choigiltis a thabhairt chun tosaigh. Mar a tugadh faoi deara an 22 Meitheamh 2012, ní ghlacfaidh an Chomhairle an togra le haghaidh Cánach ar Idirbhearta Airgeadais laistigh de thréimhse réasúnach. Seolfaidh roinnt Ballstát iarraidh i ndáil le comhar feabhsaithe sa réimse sin, chun go nglacfaí é faoi mhí na Nollag 2012. Tá obair idir lámha ag an gCoimisiún ar bhealaí coincréiteacha d'fhonn calaois chánach agus imghabháil cánach a chomhrac agus cuirfear Plean Gníomhaíochta i láthair go luath a chuimseoidh roghanna maidir leis sin. Ní foláir teacht ar chomhaontú go gasta i dtaca leis na treoracha caibidlíochta le haghaidh comhaontuithe cánachais maidir le coigilteas le tríú tíortha. Leanfaidh Ballstáit atá ag glacadh páirte sa Chomhshocrú Euro Plus lena gcuid plé struchtúrtha maidir le saincheisteanna ar bheartas cánach, go háirithe chun an malartú dea-chleachtas a áirithiú.

(k) Is léir nach mór tús áite a thabhairt do bhealaí chun dlús a chur leis an bhfostaíocht, le haghaidh ban agus fear araon, agus go háirithe le haghaidh daoine óga agus le haghaidh daoine atá dífhostaithe le tamall fada anuas. Scrúdóidh an Chomhairle go mear an "Pacáiste fostaíochta" ón gCoimisiún agus déanfaidh sí cinneadh i leith na dtograí atá ann agus béim á leagan aici ar phoist ardchaighdeáin a chruthú, ar athchóiriú struchtúrach a dhéanamh ar mhargaí an tsaothair agus ar infheistíocht i gcaipiteal daonna. Tá sé ríthábhachtach go ndíreofaí ar fostaíocht i measc an ógra, go háirithe trí na tionscnaimh ón gCoimisiún maidir le ráthaíochtaí don óige agus leis an gcreat ardchaighdeáin do chúrsaí oiliúna. Tá sé tábhachtach freisin athghníomhachtú oibrithe níos sine a chur chun cinn. Ní foláir rialachas AE a fheabhsú, lena n-áirítear faireachas iltaobhach ar bheartais fostaíochta.

(l) Ní mór soghluaisteacht lucht saothair laistigh den AE a éascú. Ba cheart tairseach EURES a fhorbairt mar fhíoruirlis Eorpach do lonnú agus d'earcaíocht; ba cheart go ndéanfaí scrúdú ar an deis a d'fheadfadh a bheith ann printíseachtaí agus oiliúint a áireamh ann mar aon le scrúdú a dhéanamh i ndáil le tuilleadh tacaíochta a thabhairt don ghníomhaíocht ullmhúcháin "Do chéad phost EURES". Ba cheart ionstraimí nua AE a fhorbairt chun feabhas a chur ar bhealaí chun scileanna nua a rianú, ba cheart aithint cáilíochtaí gairmiúla agus scileanna teanga a fheabhsú, líon na ngairmeacha rialaithe a laghdú agus gnóthú agus caomhnú ceart trasteorann pinsin agus ceart slándála sóisialta eile d'oibrithe an AE a neartú. Ba cheart obair ar an togra maidir le cearta na n-oibrithe atá ar phostú a fhorghníomhú a thabhairt chun tosaigh.

(m) Ní mór leas níos fearr a bhaint as an trádáil ar mhaithe leis an bhfás. Tá rún daingean ag an Aontas Eorpach saorthrádáil oscailte chóir a chur chun cinn agus a leasanna a chur ar aghaidh ag an am céanna de mheon na cómhalartachta agus na tairbhe frithpháirtí go háirithe maidir leis na geilleagair is mó ar domhan. Ba cheart an togra ón gCoimisiún maidir le rochtain ar mhargaí soláthair phoiblí i dtríú tíortha a scrúdú go luath. Cé gur cuspóir lárnach i gcónaí é an córas iltaobhach a neartú, tá fíorthábhacht eacnamaíoch ar leith ag baint leis an gcaibidlíocht dhéthaobhach atá ar siúl faoi láthair agus a fhéadfaidh bheith ann amach anseo chomh maith. Ní mór iarrachtaí níos mó a dhéanamh chun deireadh a chur le bacainní trádála, rochtain níos fearr a thabhairt ar an margadh, coinníollacha iomchuí infheistíochta a bhaint amach, maoin intleachtúil a chosaint agus margaí soláthair phoiblí a leathnú. Ní mór comhaontuithe ar cuireadh bailchríoch orthu a shíniú agus a dhaingniú go gasta. Ba cheart bailchríoch a chur ar na comhaontuithe saorthrádála le Singeapór agus le Ceanada faoi dheireadh na bliana; ní foláir dlús a chur ón dá thaobh faoin gcaibidlíocht leis an India freisin agus ba cheart go leanfaí ar aghaidh leis an obair atá ar bun chun caidreamh trádála an AE leis an tSeapáin a threisiú. Tá na Ceannairí Stáit nó Rialtais ag tnúth leis na moltaí ó Mheitheal Ardleibhéil AE/SA um Poist agus um an bhFás agus tá siad tiomanta d'oibriú don chuspóir go gcuirfear tús leis an gcaibidlíocht faoi chomhaontú cuimsitheach trádála agus infheistíochta trasteorann in 2013.

(n) Is réamhriachtanas í an chobhsaíocht airgeadais chun an fás a bhaint amach. Sa tuarascáil "I dtreo Fíor-Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta", déantar cur síos ar roinnt smaointe ina leith sin. Tá réimsí ann ina bhfuil fonn ar na Ballstáit a bhfuil an t-airgeadra aonair acu, mar aon le Ballstáit eile atá toilteanach páirt a ghlacadh ann freisin, cur lena n-iarrachtaí chun a mbeartais airgeadais, fhioscacha agus eacnamaíocha a chomhordú agus a chomhtháthú laistigh de chreat an Aontais Eorpaigh, agus sláine an Mhargaidh Aonair agus an Aontais Eorpaigh ar fad á hurramú go hiomlán.